Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# Maoirseoir Glantacháin

## Eolas d’Iarrthóirí

**Iúil, 2024**

**Maidir le Comhairle Contae Fhine Gall**

Is áit thar a bheith mealltach í Fine Gall chun beith i do chónaí, ag obair ar cuairt nó má tá tú ag déanamh gnó ann. Cuimsíonn sí ceantar tíreolaíoch atá 450 ciliméadar cearnach a théann ó Bhaile Brigín sa tuaisceart go dtí Baile Bhlainséir san iarthar agus Binn Éadair san oirthear. Tá éagsúlacht trídhreacha agus pátrúin lonnaíochtaí le feiceáil agus tá suíomhanna tuaithe, uirbeacha agus bruachbhailteacha le fáil san aon chontae amháin. Tá 88 ciliméadar cósta ann, trí inbhear mór cosanta agus gnáthóga riasc goirt mar aon le 13 trá mhór.

Tá Comhairle Contae Fhine Gall ar cheann de na fostóirí móra sa chontae agus faoi láthair tá thart ar 1,600 fostaí aici. Ceanglaítear an an gComhairle réimse leathan d'fheidhmeanna agus de sheirbhísí a sholáthar faoi na ceannteidil a leanas – infreastruchtúr fisiceach agus sóisialta, tithíocht, forbairt eacnamaíoch agus turasóireachta, forbairt phobail, seirbhísí áineasa agus fóillíochta, agus ní mór di an creat rialála comhshaoil agus pleanála a bhainistiú. Is é an ról atá leagtha síos faoin dlí do Chomhairle Contae Fhine Gall ná ionadaíocht a dhéanamh do phobail Fhine Gall, iad a threorú agus freastal orthu.

## 1. Dualgais

Beidh sealbhóir an phoist freagrach as na dualgais a leanas mar a shannaíonn an Maoirseoir:

- Bheith ag obair mar ghlantóir chomh maith le dualgais maoirseachta a bheith aige/aici.
- Bheith freagach as maoirseacht a dhéanamh ar fhoireann glantóirí.
- Bheith freagrach as taifid a choimeád maidir leis an méid ama a oibríonn na glantóirí (e.g. saoire bhliantúil, saoire bhreoiteachta, etc.)
- Bheith freagrach as earraí glantacháin a ordú.
- Aon dualgas ábhartha eile a shannaíonn an Ceannasaí Maoirseachta (Glantóirí).

**Dualgais Glantacháin**

- Urláir – na hurláir go léir ar féidir úsáid a bhaint astu a ghlanadh nó húvaráil laistigh den fhoirgneamh a sannaíodh duit.
- Boscaí bruscair – folmhaigh gach bosca bruscair.
- Spásanna oifige – snas a chur ar, agus deannach a bhaint de na deasca, na ríomhairí, leaca fuinnóga, radaitheoirí, píopaí, cláir sciorta, spiaraí, doirse agus ballaí.

- Gloiniú – an gloiniú ar fad ar léibheann na n-oifigí a ghlanadh agus snas a chur air.
- Áiseanna Ceaintín – an t-urlár a ghlanadh agus cruth a chur ar na boird agus na cathaoireacha.
- Leithris – na hurláir, na báisíní níocháin, scátháin, frámaí dorais agus murláin dorais a ghlanadh.
- Stáisiúin Tae – stáisiúin tae a ghlanadh agus a choimeád néata & na boscaí bruscair a fholmhú.
- Uirlisí ceaintín – uirlisí agus trealamh a choimeád glan.
- Glanadh - ceaintín, seilfeanna, cuisneoir agus ceantar bia.
- Briseadh/Am lóin – cuidiú le leagan amach don bhriseadh agus don am loin sa cheaintín.
- Aon dualgas ábhartha eile a d'fhéadfadh a bheith sannaithe ag an maoirseoir.

Déanfaidh an maoirseoir na dualgais thuasluaite, a chlúdaíonn na hOifigí Ginearálta agus na háiseanna Ceaintín, a shannadh don fhoireann glantacháin de réir mar is gá.

**Dualgais Ghinearálta**

- Cloí leis na cleachtaí oibre, na modhanna agus na nósanna imeachta atá ann cheana féin, dul faoi oiliúint ábhartha agus gníomhartha forbartha a dhéanamh, agus freagairt go dearfach ar chórais nua nó difriúla a thugtar isteach.
- Comhoibriú leis an gComhairle an reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta chuí a chomhlíonadh chomh maith le polasaithe agus nósanna imeachta, agus iad i mbun a gcuid oibre.
- Rúndacht a chosaint agus cloí le cosaint sonraí agus na treoirlínte a bhaineann le hábhar nuair is cuí.

**Oiliúint**

Cé go dtugtar oiliúint d'iarrthóirí nua maidir le dualgais faoi leith, is buntáiste mór é má tá oiliúint faighte cheana féin ag an iarrthóir i gcúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta, Láimhsiú Sábháilte, Pas Sábháilte etc.

## 2. CÁILÍOCHTAÍ agus Riachtanais an Phoist

**CARACHTAR**

Ní mór dea-cháil a bheith ar gach iarrthóir.

**SLÁINTE**

Beidh ar iarrthóirí riocht sláinte a bheith acu a léireodh ionchas réasúnta ann go dtabharfaidís seirbhís rialta agus éifeachtach.

**OIDEACHAS, OILIÚINT, TAITHÍ, ETC.**

- Caighdeán maith oideachais ghinearálta bainte amach ag iarrthóirí a chuirfidh ar a chumas / cumas dhualgais an phoist a chomhlíonadh.
- Beidh leibhéal ard cur i láthair pearsanta ag iarrthóirí agus dóthain Béarla acu chun treoracha a chomhlíonadh.
- Is buntáiste é má tá taithí roimh ré ag iarrthóirí.

**PÁ**

**€563.59 in aghaidh na seachtaine (30 uair)**

Is iad an huaireanta oibre ná 5pm – 11pm, Luan go hAoine.

**SLÁINTE**

Chun an ceanglas a shásamh maidir le sláinte beidh sé riachtanach d'iarrthóirí ar éirigh leo, sula bhfuil siad fostaithe, dul faoi scrúdú liachta ag liachleachtóir cáilithe a bheith molta ag an Údarás Áitiúil.

**AOIS SCOIR**

Is í 70 bliain d'aois an aois scoir.

**EARCAÍOCHT**

Féadfaidh údarás áitiúil a shocrú, mar gheall ar líon na ndaoine atá ag iarraidh cur isteach ar chomórtas, nós imeachta gearrliostaithe a dhéanamh. Cinnfidh an t-údarás áitiúil ó am go chéile, líon na ndaoine a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh, sna cúinsí seo, agus aird á thabhairt ar líon na bhfolúntas atá le líonadh.

Déanfar roghnú trí agallamh a dhéanann an t-údarás áitiúil nó a dhéantar thar a cheann. Beidh ar iarrthóirí aon chostais a thabhaíonn siad agus iad ag freastal ar an agallamh a íoc.

D'fhéadfadh go ndéanfaí painéil a fhoirmiú ar bhonn agallamh dá leithéid. Is féidir go ndéanfaí iarrthóirí a bhfuil a n-ainmneacha ar phainéal agus a shásaíonn an t-údarás áitiúil go bhfuil an cháilíocht a theastaíonn don phost acu agus go bhfuil siad oiriúnach seachas sin d'fhostaíocht, a fhostú laistigh de shaolré an phainéil de réir mar a eascraíonn folúntais chuí.

***Ceanglóidh an t-údarás áitiúil ar dhuine a dtairgtear fostaíocht dó/di, glacadh leis an bhfostaíocht sin laistigh de thréimhse nach mó na 6 seachtain agus má mhainníonn sé nó sí glacadh leis an bhfostaíocht laistigh den tréimhse sin nó tréimhse níos faide a d'fhéadfadh an t-údarás***

***áitiúil a chinneadh dá lánrogha, ní fhostóidh an t-údarás áitiúil an duine sin.***